Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8687/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0137(CNS)**

**ECOFIN 418**
**UEM 80**
**CODEC 1047**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air<br>- Glacadh |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 26 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air. Bhí an togra mar chuid den phacáiste Rialachais Eacnamaíoch.

2. Tá an togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air bunaithe ar an dara fomhír d’Airteagal 126(14) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir an nós imeachta reachtaigh speisialta, lena bhforáiltear do chomhairliúchán le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach.

3. Is é is aidhm do thograí an phacáiste Rialachais Eacnamaíoch inbhuanaitheacht fhioscach agus fás inbhuanaithe a threisiú trí dhul i dtreo creat faireachais rioscabhunaithe AE lena ndéantar idirdhealú idir na Ballstáit trína bhfiachas poiblí agus a ndúshláin eacnamaíocha a chur san áireamh. Go sonrach, ní thiocfadh aon athrú den chuid is mó ar na rialacha maidir le nós imeachta um easnamh iomarcach (EDP) a oscailt agus a dhúnadh i gcás sáruithe ar an 3 % de luach tagartha an easnaimh OTI ('EDP easnamh-bhunaithe') mar a thugtar air, agus bheadh roinnt coigeartuithe ann chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an nós imeachta um easnamh iomarcach i gcás sáruithe ar an gcritéar fiachais (ar a dtugtar 'an nós imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar fhiachas').

4. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais na tograí le linn 31 chruinniú ón 2 Bealtaine go dtí an 19 Nollaig 2023.

5. Tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú i bprionsabal an 21 Nollaig 2023, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch. Seoladh próiseas nua comhairliúcháin le Parlaimint na hEorpa agus leis an mBanc Ceannais Eorpach mar gheall ar na hathruithe substainteacha a tugadh isteach i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

6. D'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach a thuairim an 5 Iúil 2023 (IO C 290, 18.8.2023, lgh. 17–25.) agus roghnaigh sé gan tuairim nua a ghlacadh nuair a chuathas i gcomhairle athuair léi.

7. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuairim an 23 Aibreán 2024.

8. Tá an t-athbhreithniú dlítheangeolaíoch curtha i gcrích; leagtar amach an téacs críochnaitheach in 6919/24.

## III. CONCLÚID

9. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle téacs an dréachtrialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air mar a leagtar amach in 6919/24 é a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.